C/2024/3262

17.5.2024

Fógra le haghaidh ‘Voice of Europe’, ‘RIA Novosti’, ‘Izvestija’ agus ‘Rossiiskaja Gazeta’ maidir lena n-áireamh i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

(C/2024/3262)

Chuimsigh an Chomhairle na heintitis thuasluaite in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine d’fhonn na bearta sin a chur i bhfeidhm ón 25 Meitheamh 2024 faoi réir cinneadh ón gComhairle tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na fíricí ábhartha.

Leis seo, cuirtear in iúl do na heintitis lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann le háireamh den sórt sin a fháil chuig an seoladh seo a leanas, roimh 27 Bealtaine 2024:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 229, 31.7.2014, lch. 13.
[2] IO L 229, 31.7.2014, lch. 1.